# Help to cope with bereavement

BY STEPHEN CORRIGAN

AS PART of National Grief Awareness Week, Galway Hospice Foundation has highlighted the critical role bereavement support plays in dealing with loss.

To mark the week, the hospice, which delivered more than 670 bereavement support services in 2024, reaffirmed its commitment to support those navigating the death of a loved one by encouraging greater openness, compassion and awareness around grief.

According to Galway Hospice Foundation's latest Impact Statement, 422 bereavement support services were delivered in Galway helping adults, children and families process loss in their own time and in their own way.

"These free supports are delivered by the Medical Social Work Team and include individual counselling, group support, telephone support, family meetings and remembrance services, as well as community-based initiatives such as Walk & Talk and the Bereavement Café," said a Galway Hospice spokesperson.

In 2024, they launched the Bereavement Café, a free and welcoming space open to all adults who have experienced loss - and not just to those who were previously connected with the hospice's services.

"While not a counselling service, the café offers mutual support, understanding and connection in a safe and informal environment.

"Another key initiative, Walk & Talk, brings people who are grieving together in a gentle outdoor setting, combining professional guidance with peer connection.

"Attendance at Walk & Talk increased by 46% in 2024, with regular groups now meeting in Galway and Castlebar. Participants consistently describe the programme as a source of comfort, relief and hope," said the spokesperson.

Alongside remembrance services held regularly, Galway Hospice also provides specialist bereavement support for children, young people and families, "recognising that grief is experienced differently at every age and stage of life. Services include individual and family counselling, group work and guidance for parents and carers supporting bereaved children through major life milestones.

"Grief can feel overwhelming and isolating, but no one should have to face it alone," a Galway Hospice spokesperson said.

"During National Grief Awareness Week, we want people to know that support is available - whether through counselling, walking alongside others, sharing a cup of tea at the Bereavement Café, or simply being heard. Grief deserves understanding, time and compassion."

**Comhairle Chontae na Gaillimhe**
**Galway County Council**

## FOILSIÚ DRÉACHT-LÉARSCÁIL BHLIANTÚIL UM CHÁIN AR THALAMH CHRIOSAITHE CÓNAITHE LE HAGHAIDH 2027 AGUS DEIS CHUN IARRATAIS ATHCHRIOSAITHE A DHÉANAMH AR AN LÉARSCÁIL DEIRIDH DO 2026.

Tá cóip den dréacht-léarscáil bhliantúil, a ullmhaíodh de réir Alt 653C, arna leasú ag Alt 653M den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, foilsithe ar https://consult.galway.ie agus ar fáil lena n-iniúchadh le linn ghnáthuaireanta oifige in oifigí Pleanála Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh.

Ullmhaíodh an dréacht-léarscáil bhliantúil do 2027 chun críocha talamh a chomhlíonann na critéir ábhartha agus atá le bheith faoi réir na cánach talún criosaithe cónaithe a aithint.

**Ní bheidh réadmhaoine cónaithe, in ainneoin go bhféadfaí iad a áireamh ar an dréachtléarscáil, inmhuirir don cháin talaimh criosaithe cónaithe.**

Is tagairt í talamh lena ndéantar na critéir ábhartha a chomhlíonadh do thalamh—

(a) atá san áireamh i bplean forbartha, de réir alt 10(2)(a) d'Acht, 2000, nó Alt 43(6) d'Acht 2024, nó i bplean ceantair áitiúil, de réir alt 19(2)(a) d'Acht, 2000, atá criosaithe—

(i) go heisiach nó go príomha le haghaidh úsáide cónaithe, nó

(ii) do mheascán úsáidí, lena n-áirítear úsáid chónaithe,

(b) ina bhfuil sé réasúnach a mheas go bhféadfadh rochtain a bheith ag an talamh, nó go bhfuil baint aige, le bonneagar agus áiseanna poiblí, lena n-áirítear bóithre agus cosáin, soilsiú poiblí, draenáil shéarachais salach, draenáil uisce dromchla agus soláthar uisce, is gá chun áiteanna cónaithe a fhorbairt agus a bhfuil acmhainn seirbhíse dóthanach ar fáil d'fhorbairt den sórt sin, agus

(c) ina bhfuil sé réasúnach a mheas nach bhfuil tionchar leordhóthanach ag nithe ar an talamh, ó thaobh a riocht fisiciúil, chun cosc a chur ar sholáthar áitreabh, lena n-áirítear éilliú nó láithreacht iarsmaí seandálaíochta nó stairiúla aitheanta, ach nach talamh é—

(i) lena ndéantar tagairt dó i mír (a)(i) agus, ag féachaint d'fhorbairt amháin (de réir bhrí Acht, 2000 nó, ar agus ó thosach feidhme Chuid 4 d'Acht 2024) nach forbairt neamhúdaraithe í (de réir bhrí Acht, 2000 nó, ar agus ó thosach feidhme Chuid 4 d'Acht 2024), atá in úsáid mar áitribh, ina bhfuil trádáil nó gairm á seoladh, atá faoi dhliteanas rátaí tráchtála, a bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuiltear á úsáid chun seirbhísí a sholáthar do chónaitheoirí ceantair chónaithe cóngaracha,

(ii) lena ndéantar tagairt dó i mír (a)(ii), mura bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuil an talamh neamhshealbhaithe nó díomhaoin,

(iia) nach mbeadh a bhforbairt de réir na nithe seo a leanas—

(I) i gcás ina bhfuil an talamh criosaithe i bplean forbartha faoi Acht 2000, an bonn céimnithe ar dá réir a ndéanfar forbairt talún faoin bplean, mar atá mionsonraithe sa phríomhstraitéis atá san áireamh sa phlean sin de réir alt 10(2A)(d) d'Acht 2000, nó

(II) i gcás ina bhfuil an talamh criosaithe i bplean limistéir áitiúil, cuspóir, atá comhsheasmhach le cuspóirí agus príomhstraitéis an phlean forbartha don limistéar a bhfuil an plean limistéir áitiúil ullmhaithe ina leith, maidir le forbairt talún ar bhonn céimnithe, atá san áireamh sa phlean limistéir áitiúil de réir alt 19(2) d'Acht 2000, nó

(III) i gcás ina bhfuil an talamh criosaithe i bplean forbartha faoi Acht 2024, ordú tosaíocht nó céimniú (i gcás ina bhfuil an t-ord tosaíochta nó céimnithe sin bunaithe ar thráthúlacht sholáthar aon bhonneagair agus áiseanna poiblí, dá dtagraítear i mír (b)), más ann dó, i gcás forbartha a léirítear sa phlean forbartha nó i bplean limistéir uirbigh, i bplean limistéir tosaíochta nó i bplean limistéir chomhordaithe (i ngach cás de réir bhrí Acht 2024) do limistéar ina bhfuil an talamh suite.

ar an dáta a mbeidh comhlíonadh na gcritéar san alt seo á measúnú,

(iii) ina bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuil sé riachtanach, nó go bhfuil sé lárnach, le haghaidh áitithe ag—

(I) bonneagar agus áiseanna sóisialta, pobail nó rialtais, lena n-áirítear bonneagar agus áiseanna a úsáidtear chun críocha riaracháin phoiblí nó chun oideachas nó cúram sláinte a sholáthar,

(II) áiseanna agus bonneagar iompair,

(III) bonneagar agus áiseanna fuinnimh,

(IV) bonneagar agus áiseanna teileachumarsáide,

(V) bonneagar agus saoráidí uisce agus fuíolluisce,

(VI) bainistíocht dramhaíola agus bonneagar diúscartha, nó

(VII) bonneagar fóillíochta, lena n-áirítear saoráidí spóirt agus clóis súgartha,

(iv) atá faoi réir sonrú reachtúil a d'fhéadfadh cosc a chur ar fhorbairt, nó

(v) ar a bhfuil an tobhach ar láithreáin tréigthe iníoctha de réir an Achta um Láithreáin Tréigthe, 1990.

**Ba cheart aighneachtaí ar an dréachtléarscáil bhliantúil 2027 a dhéanamh mar seo a leanas: I scríbhinn agus seolta chuig:**

- I scríbhinn agus seolta chuig: "RZLT", Oifigí Pleanála Chomhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91H6KX;

**NÓ**

- Trí ríomhphost chuig: rzlt@galwaycoco.ie;

**NÓ**

- Ar líne trí chuairt a thabhairt ar: https://consult.galway.ie;

**Tráth nach déanaí ná an 1 Aibreán 2026, maidir le—**

(I) láithreáin ar leith a áireamh sa léarscáil deiridh nó a eisiamh ón léarscáil deiridh, nó

(II) an dáta a rinneadh an láithreán na critéir ábhartha a shásamh den chéad uair.

Ba chóir go n-áireofaí sna haighneachtaí ainm agus seoladh, cúiseanna le tailte a áireamh nó a eisiamh, mar aon le léarscáil ar scála 1:1,000 (ceantar uirbeach) nó 1:2,500 (ceantar tuaithe) nuair atá aighneacht á déanamh ag úinéir talaimh, lena sainaithnítear go soiléir an ceantar talún is ábhartha don aighneacht.

Maidir le aon aighneachtaí a fhaightear i scríbhinn faoin 1 Aibreán 2026 seachas gnéithe den aighneacht a d'fhéadfadh a bheith ina sonraí pearsanta, foilseofar iad ar an suíomh gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe tráth nach déanaí ná an 11 Aibreán 2026.

Tá na moltaí agus na heisiaimh atá beartaithe ar an dréacht-léarscáil bhliantúil faoi réir aighneachtaí a fhaightear. Ba cheart d'úinéirí talún a thacaíonn le heisiamh a gcuid talún aighneacht a dhéanamh chun tacú leis an eisiamh sin.

### Iarratais ar Athchriosú

I gcás ina sainaithnítear talamh ar an léarscáil deiridh do 2026, a foilsíodh an 31 Eanáir 2026, mar thalamh atá faoi réir na cánach ar thalamh atá criosaithe mar thalamh cónaithe, féadfaidh duine ón **1 Feabhra 2026 go dtí an 1 Aibreán 2026**, ar leis an duine sin an talamh réamhluaite, aighneacht a dhéanamh chuig Comhairle Chontae na Gaillimhe ag iarraidh go ndéanfaí athrú ar chriosú na talún sin. Ba cheart go mbeadh fianaise úinéireachta, cúiseanna mionsonraithe le haon iarratas athchriosaithe, lena n-áirítear leanúint de ghníomhaíocht eacnamaíoch leanúnach, mar aon le léarscáil ar scála 1:1,000 (uirbeach) nó 1:2,500 (tuaithe) ina sainaithnítear go soiléir an plota talún ábhartha, san áireamh in aon aighneacht den sórt sin.

**Féadfar aighneachtaí maidir le hiarratais athchriosaithe ar an léarscáil deiridh do 2026 a dhéanamh mar seo a leanas:**

- I scríbhinn agus a sheoladh chuig: "RZLT", An Rannóg Pleanála, Comhairle Chontae na Gaillimhe, Áras an Chontae, Cnoc na Radharc, Gaillimh, H91H6KX

**NÓ**

- Trí ríomhphost chuig: rzlt@galwaycoco.ie;

**NÓ**

- Ar líne trí chuairt a thabhairt ar: https://consult.galway.ie;

**tráth nach déanaí ná an 1 Aibreán 2026.**

Maidir le haon iarratais athchriosaithe dá leithéid a gheofar i scríbhinn faoin 1 Aibreán 2026 seachas gnéithe den sórt sin d'aighneacht a d'fhéadfadh a bheith ina sonraí pearsanta, foilseofar iad ar shuíomh Gréasáin Chomhairle Chontae na Gaillimhe laistigh den tréimhse reachtúil ábhartha. Eiseoidh Comhairle Chontae na Gaillimhe litir admhála faoin 30 Aibreán 2026 chuig an úinéir talún faoi iarratais athchriosaithe ina mbeidh sonraí faoi stair phleanála na talún is déanaí. Is féidir an litir admhála seo a úsáid chun tacú le héileamh ar dhíolúine ón gcáin a eascraíonn i leith na talún is ábhar don iarratas don bhliain 2026. Ní mór an t-éileamh seo a dhéanamh i dtuairisceán cánach bhliantúil 2026 faoi thalamh atá criosaithe mar thalamh cónaithe, agus ní mór é a dhéanamh chuig na Coimisinéirí Ioncaim ar nó roimh an **23 Bealtaine 2026**. Féach ar www.revenue.ie chun sonraí a fháil

Déanfaidh Comhairle Chontae na Gaillimhe gach iarratas ar athchriosú a mheas agus aird á tabhairt ar phleanáil chuí agus ar fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

**Tá míle fáilte roimh chomhfhreagras agus ghnó i nGaeilge: gaeilge@cocogaillimh.ie www.gaillimh.ie**

customerservices@galwaycoco.ie www.galway.ie @GalwayCoCo

*J. Brann, Rúnaí Contae*